# Clár Oibre le haghaidh Éisteacht ó Bhéal

ABP 319295-24

| | |
|---|---|
| **Cás** | Ordú Ceannaigh Éigeantaigh talún ag Sráid an Easpaig/Bóthar an Oileáin, Cathair Luimnigh.<br>Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, Uimh. CE/2024/039 de 2024. |
| **Dáta** | Déardaoin, an 15 Bealtaine 2025 |
| **Am Tosaithe** | 10.00am |
| **Láthair** | Ar líne – MS Teams |

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a thabhairt do na páirtithe uile, ar mian leo déanamh amhlaidh, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a lorg ar aon saincheisteanna iomchuí a bheidh tagtha chun cinn agus ar aon agóidí a bheidh déanta. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur agus soiléiriú a lorg ar na haighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht freisin.

Níl aon oibleagáid ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh chuig an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord breithniú ar na haighneachtaí scríofa uile a bheidh faighte cheana féin. Ar an gcúis sin, ní gá aon aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe seo a dhéanamh arís ag an éisteacht ó bhéal.

Iarrtar ar na páirtithe uile aird a bheith acu ar chineál an iarratais seo agus a chinntiú go mbeidh láithreoireachtaí agus ceisteanna iomchuí do chineál an ordaithe ceannaigh éigeantaigh seo. Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná aon dlínse ag an mBord maidir le cinneadh nó measúnú a dhéanamh ar chúiteamh, agus ba cheart

an méid sin a chur san áireamh in aon aighneacht a dhéanfar chuig an éisteacht seo, toisc nach n-éascófar aon díospóireacht ar bith maidir le cúiteamh.

Ar chríochnú na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh chun an t-ordú ceannaigh éigeantaigh a dheimhniú nó a neamhniú.

Féadfaidh an Bord a ordú go ndéanfaí ranníocaíocht i leith na gcostas a bheidh ag baint le haon duine a bheith ag láithriú ag éisteacht ó bhéal, ar costais iad a bheidh tabhaithe ag an duine sin mar thoradh ar láithriú ag an éisteacht. Is faoi rogha an Bhoird a bheidh aon íocaíocht. Ba cheart aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtaine ó dháta na héisteachta seo.

Má tá sé beartaithe agat cóip scríofa de d’aighneacht a sholáthar nó áiseanna amhairc a úsáid agus tú ag labhairt (láithreoireachtaí, léarscáileanna, grianghraif, etc.), ba cheart iad sin a chur faoi bhráid an Bhoird i bhformáid dhigiteach trí lá oibre ar a laghad sula nglacfaidh tú páirt san éisteacht (agus coinneofar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta ó bhéal).

Is é soláthraí seirbhíse a n-eagróidh an Bord Pleanála é a thaifeadfaidh na haighneachtaí a chuirfear i láthair ag an éisteacht ó bhéal seo. Ní ceadmhach duit imeachtaí na héisteachta ó bhéal a thaifeadadh.

Tá an clár oibre, an t-ord láithrithe agus an t-amchlár don éisteacht ó bhéal leagtha amach thíos. Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara gur amchlár táscach é an t-amchlár seo agus gur féidir go dtiocfaidh athruithe air le linn na héisteachta ó bhéal.

| | CLÁR OIBRE |
|---|---|
| | **10.00am:** Oscailt na hÉisteachta ag an gCigire |
| 1 | **10.15am:** Aighneacht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh:<br>i. Forbhreathnú achomair ar an ordú ceannaigh éigeantaigh<br>ii. An t-údar leis an bhfáil talún, agus tagairt á déanamh do na roghanna eile a breithníodh<br>iii. An freagra ón gComhairle ar na haighneachtaí scríofa a rinne na hAgóideoirí<br>[30 nóiméad] |
| 2 | **10.45am:** Sos (15 nóiméad) |
| 3 | **11.00am:** An aighneacht ó Agóideoirí, ina dtabharfar tuilleadh mionsonraí faoi na haighneachtaí scríofa:<br>▪ Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann<br>▪ Mercy Trust SCP Limited<br>▪ An freagra ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh díreach ina dhiaidh sin<br>[50 nóiméad] |
| 4 | **11.50am:** Ceisteanna idir na páirtithe mar a leanas:<br>i. Ceisteanna ó Agóideoirí ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh<br>ii. Ceisteanna ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Agóideoirí<br>iii. Ceisteanna ó Agóideoirí ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh<br>iv. Ceisteanna ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Agóideoirí<br>v. Ceisteanna ón gCigire ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus/nó ar Agóideoirí<br>[60 nóiméad] |
| **5** | **12.50pm:** Barúlacha Deiridh (más gá):<br>i. Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann<br>ii. Mercy Trust SCP Limited<br>iii. Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh<br>[Níor cheart aon saincheisteanna nua ná aon ábhar nua a cheadú.] |

| | |
|---|---|
| **6** | **1.00pm:** Dúnadh na hÉisteachta ó Bhéal ag an gCigire |